Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Márta 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0232(COD)**

**5265/1/21**
**REV 1 ADD 1**

**UD 5**
**ENFOCUSTOM 10**
**MI 15**
**COMER 2**
**TRANS 13**
**ECOFIN 40**
**CADREFIN 18**
**CODEC 40**
**PARLNAT 45**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn go nglacfaí RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena mbunaítear an clár Custaim chun comhar a dhéanamh i réimse an chustaim agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1294/2013<br>- Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– Arna ghlacadh ag an gComhairle an 1 Márta 2021 |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 12 Meitheamh 2018, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an clár 'Custam' chun comhar a dhéanamh i réimse an chustaim[1].

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 17 Deireadh Fómhair 2018[2].

3. An 16 Aibreán 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a rún reachtach maidir leis an togra[3], agus leis sin chuir sí deireadh lena céad léamh.

4. Thug Coiste na mBuanionadaithe sainordú páirteach[4] don uachtaránacht dul i mbun caibidlíocht neamhfhoirmiúil leis an bParlaimint, fágadh roinnt forálacha idir lúibíní toisc iad a bheith nasctha leis an bplé foriomlán faoi CAI nó i ngeall ar a gcineál cothrománach.

5. Tugadh an sainordú páirteach don chaibidlíocht cothrom le dáta chun na conclúidí ón gComhairle Eorpach maidir le CAI 2021-2027 agus an pacáiste téarnaimh a glacadh an 21 Iúil 2020 a chur san áireamh[5], rud a d'fhág go raibh sainordú iomlán ann don chaibidlíocht arna fhormhuiniú ag Coiste na mBuanionadaithe an 4 Samhain 2020[6].

6. Tar éis na caibidlíochta idirinstitiúidí le Parlaimint na hEorpa in 2019 agus in 2020, tháinig na comhreachtóirí ar chomhaontú sealadach i ndáil leis an Rialachán maidir leis an gClár Custaim ag an gcruinniú tríthaobhach polaitiúil a bhí ar siúl an 15 Nollaig 2020. An 18 Nollaig 2020, d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe an comhréiteach deiridh a d'eascair as na cruinnithe tríthaobhacha[7].

[1] 9929/18.
[2] IO C 62, an 15.2.2019, lch. 45.
[3] 8055/19.
[4] 15514/18.
[5] 10/20.
[6] 12344/20.
[7] 14089/20.

7. An 11 Eanáir 2021, d'fhormhuinigh an Coiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (IMCO) an téacs. Ina dhiaidh sin, an 14 Eanáir, chuir Cathaoirleach Choiste IMCO litir chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe inar chuir sí in iúl go molfadh sí don suí iomlánach go nglacfaí an seasamh ón gComhairle gan leasuithe, ar an dara léamh sa Pharlaimint, faoi réir fíorú dlí agus teanga.

8. An 27 Eanáir 2021, dhaingnigh Coiste na mBuanionadaithe an comhréiteach ar thángthas air maidir leis an togra ionas go bhféadfaí teacht ar chomhaontú go luath ar an dara léamh idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa.

## II. CUSPÓIR

9. Is cuid é an togra seo de na tograí earnála lena gcomhlánaítear pacáiste na dtograí cothrománacha maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do na blianta 2021 go 2027.

10. Is é cuspóir an chláir tacaíocht a thabhairt don aontas custaim agus d'údaráis chustaim chun leasanna airgeadais agus eacnamaíocha an Aontais agus a Bhallstát a chosaint, chun slándáil agus sábháilteacht a áirithiú laistigh den Aontas agus an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach agus neamhdhleathach, agus gníomhaíocht ghnó dhlisteanach á héascú ag an am céanna.

11. Is é is aidhm don chlár go mbeidh cistiú leordhóthanach ann le haghaidh gníomhaíochtaí comhair idir údaráis chustaim, córais leictreonacha, fothú acmhainneachta riaracháin agus le haghaidh nuálaíochta agus comhlánaítear leis tionscnaimh agus infheistíochtaí náisiúnta sa réimse sin.

## III. <u>ANAILÍS AR SHEASAMH NA COMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH</u>

### A. Nóta ginearálta

12. Chuaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle i mbun caibidlíochta ar mhaithe le teacht ar chomhaontú ar an dara léamh ar bhonn seasamh ón gComhairle ar an gcead léamh a d'fhéadfadh an Pharlaimint a fhormheas mar sin. Léirítear go hiomlán le téacs an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach ar thángthas air idir na comhreachtóirí.

### B. Na príomh-shaincheisteanna

13. Leagtar amach príomhghnéithe an chomhréitigh ar tháinig Parlaimint na hEorpa air thíos:

- comhaontaíodh ré an chláir ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027 agus cur i bhfeidhm cúlghabhálach an Rialacháin;
- forbraíodh cuspóirí sonracha an chláir;
- sonraíodh a thuilleadh na gníomhaíochtaí atá incháilithe le haghaidh cistiúcháin;
- soiléiríodh próiseas roghnúcháin na saineolaithe seachtracha;
- tugadh mionsonraí faoi na freagrachtaí maidir le forbairt agus oibriú na gcóras leictreonach Eorpach a áirithiú;
- baineadh an tagairt don phlean straitéiseach ilbhliantúil le haghaidh custaim cé nár aisghaireadh Cinneadh 70/2008/CE;
- is leis na cláir oibre ilbhliantúla arna nglacadh trí ghníomhartha cur chun feidhme a chuirfear an clár chun feidhme;
- neartaíodh critéir agus módúlachtaí na meastóireachta;
- tugadh isteach clásal nua maidir leis an oibleagáid tuairiscithe i ndáil le tarmligean na cumhachta agus maidir le síneadh tharmligean na cumhachta.

## IV. **CONCLÚID**

Léirítear go hiomlán sa seasamh ón gComhairle an comhréiteach ar thángthas air le linn na caibidlíochta idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, agus a d'éascaigh an Coimisiún. Daingnítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach Choiste IMCO chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe an 14 Eanáir 2021.